Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15394/25**

**ECOFIN 1516**
**UEM 545**
**FIN 1351**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – an Bhulgáir<br>– Glacadh |

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022, mar a leagtar amach in 8091/22 + ADD 1 é, formheasadh an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

2. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 8 Nollaig 2023 agus an 18 Iúil 2025.

3. An 9 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBulgáir.

4. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht ná comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (e), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

5. Ós mar sin atá, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 6 Samhain 2025 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir a fhormheas, mar a leagtar amach in 14951/25 agus 14951/25 ADD 1-2 é.

6. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 25 Samhain 2025 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

7. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 15108/25 agus 15108/25 ADD 1.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:

  a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir, a fhormheas, mar a leagtar amach in 15108/25 é, agus

  b) an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir a fhormheas, mar a leagtar amach in 15108/25 ADD 1 é, agus

- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.